Costais Faiclóireachta - Deimhniú le Cleachtóir Fiaclóireachta

Tabhair aire le do thoil gur admháil is ea an fhoirm seo agus ba cheart duit í a choinneáil mar fhianaise ar chostais a tabhaíodh. Ba cheart éilimh a dhéanamh maidir le haon cheann de na costais a luaitear thall a dhéanamh trínár seirbhís **PAYE anytime ar www.revenue.ie nó trí Fhoirm Med 1** a chomhlánú agus a chur faoi bhráid d'oifig áitiúil de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. **Ní mór gach éileamh a dhéanamh laistigh de theorainn ama 4 bliana.**

Ainm

Seoladh

Foirm MED 2

Uimhir PSP

Cineál na cóireála (Féach thall)	Cuir tic ☑ sa bhosca cuí	Dáta(í) ar a ndearnadh chóireáil	Dáta(í) ar a ndearnadh íocaíochtaí	Méid íoctha €
A				
B				
C				
D				
E				
F				
G				
H				
I				
J				

Deimhním go bhfuil an fhaisnéis thuas ceart agus go bhfuair mé na méideanna a léirítear thuas.

Síniú an Chleachtóra Fiaclóireachta

Dáta

Ainm agus Seoladh an Chleachtóra Fiaclóireachta

Cáilíochtaí an Chleachtóra Fiaclóireachta

(Úsáid bloclitreacha le do thoil le haghaidh Ainm, Seoladh agus Cáilíochtaí an Chleachtóra Fiaclóireachta)

Uimhir PSP an Chleachtóra Fiaclóireachta

Cóireáil Fiaclóireachta dá bhfuil Faoiseamh Cánach Incheadaithe

A. Corónacha

Is athdheisiúcháin iad seo a chuirtear le chéile lasmuigh den bhéal agus déantar iad a dhaingniú go buan le fíocahán fiacaile atá ann cheana féin.

B. Veinírí/Líonadh Eitseáilte de chineál Rembrandt

Is cineál corónach iad seo.

C. Barr Fiacaile a Ionadú

Meastar gur coróin atá i gceist leis seo nuair is gá cuid mhór den fhiacail a ionadú agus go ndéantar an chuid atá le hathchur lasmuigh den bhéal.

D. Cuaillí Óir/Cuaillí snáithínghlaoine

Is ionsáiteáin i gcanáil néaróige na fiacaile iad seo, chun coróin a choinneáil.

E. Inleagadh Óir

Is leagan níos lú de choróin óir é seo. (Níl ceadaithe ach amháin má chuirtear le chéile lasmuigh den bhéal é.)

F. Cóireáil Iondéadach - Cóireáil Cuas Fréimhe

An chanáil néaróige a líonadh atá i gceist anseo agus ní fiacla a líonadh.

G. Cóireáil Pheiridhéadach

- Cóireáil le haghaidh galair peiridhéadach (drandail) is ea Plánáil Fréimhe
- Cuid den phlánáil fréimhe is ea Cúiréadáil agus *Debridement*.
- Cóireáil drandail is ea Liopóga Drandail
- Cléithín Crómchóbalt má úsáidtear é i dtaca le cóireáil pheiridhéadach (Má tá fiacla ann, níl faoiseamh incheadaithe)
- Ionchlannáin tar éis cóireála do ghalar peiridhéadach (drandail), lenar áiríodh beangú cnámh agus méadú cnámh.

H. Cóireáil Ortadóntach

Tá soláthar teanntán agus cóireáil chosúil i gceist leis seo.

I. Stoitheadh Máinliachta d'Fhiacla Forais Comhdhingthe

Tá faoiseamh incheadaithe nuair a dhéantar an chóireáil seo in ospidéal, nó i saotharlann dhéadach ag fiaclóir. Beidh deimhniú ag teastáil ón ospidéal chun faoiseamh a fháil.

J. Oibreacha Droichid

Cóireáil fiaclóir a cheadaítear más droichead cruanchoinnithe nó droichead fiacailthacaithe atá i gceist léi.

Nóta:

Níl faoiseamh cánach ar fáil ó chostas sciúrtha, stoite agus líonta fiacla ná maidir le fiacla bréige nó cíor fiacla a sholáthar.

Revenue